Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10610 — ARCHER DANIELS MIDLAND SINGAPORE / CLYDE INVESTMENTS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 102/10)

1. An 21 Feabhra 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Archer Daniels Midland Singapore Pte. Ltd. ("ADM Singapore", Singeapór), faoi rialú Archer Daniels Midland Company ("ADM Group", SAM),

— Clyde Investments ("Clyde Investments", Singeapór) faoi rialú Temasek Holdings (Private) Limited ("Temasek", Singeapór),

— JV (Singeapór).

Gheobhaidh ADM Singapore agus Clyde Investments rialú comhpháirteach ar an JV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin suibscríobh le haghaidh scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá ADM Singapore gníomhach in earnálacha an bhia agus an chothúcháin san Áise. Is cuid de ADM Group é ADM Singapore, grúpa atá gníomhach i réimse leathan gníomhaíochtaí, lena n-áirítear in olashíolta, arbhar, siúcra, cruithneacht agus tráchtearraí talmhaíochta eile a phróiseáil agus in olaí plandúla agus comhábhair agus breiseáin bhia agus bheathaithe bhreisluacha eile a mhonarú ar an leibhéal domhanda;

— Tá Clyde Investments gníomhach i monaraíocht chonartha táirgí próitéine atá bunaithe ar phlandaí san Áise. Is fochuideachta de chuid Temasek é, ar chuideachta infheistíochta é atá gníomhach i réimse leathan tionscail ar an leibhéal domhanda, lena n-áirítear na heolaíochtaí beatha agus agraibhia;

— An JV, a dtiocfaidh ADM Singapore agus Clyde Investments ar chomhaontú maidir lena ainm, is comhfhiontar lánfheidhme láithreán úrnua é atá le bunú i Singeapór chun seirbhísí forbartha conarthaí agus eagrúcháin monaraíochta a sholáthar i Singeapór maidir le réitigh coipthe mhiocróbaigh agus comhábhair mhiocróbacha le haghaidh feidhmeanna bia, mar aon le seirbhísí sainchomhairleoireachta gaolmhara.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10610 — ARCHER DANIELS MIDLAND SINGAPORE / CLYDE INVESTMENTS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË